Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2018
(OR. en)

13764/18

LIMITE

SPORT 79
SOC 663
REGIO 109
JEUN 132
EDUC 390
RECH 462
IND 313
COMPET 725
SAN 370

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12769/18 SPORT 63 SOC 586 REGIO 87 JEUN 112 EDUC 348 RECH 412 IND 267 COMPET 647 SAN 301 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le gné eacnamaíoch an spóirt gona shochair shocheacnamaíocha<br>- Glacadh |

1. Ar an 3 Iúil 2018, chuir an Uachtaránacht síos páipéar díospóireachta maidir le "An Ghné Eacnamaíoch den Spórt: Leathnuithe socheacnamaíocha ar chuntais satailíte spóirt"[1] mar bhonn don phlé ar an ábhar seo a bhí ag an Meitheal um Spórt ar an 9 Iúil.

2. I bhfianaise an phlé thuasluaite, chuir an Uachtaránacht síos tacar dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar seo ar an 29 Lúnasa 2018[2].

[1] 10480/18
[2] 11702/18

3. Ar an 8 Deireadh Fómhair 2018, agus cúpla dreas plé déanta aici[3], tháinig an Mheitheal um Spórt ar aon fhocal maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe na mBallstát (a ghabhann leis seo), ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le gné eacnamaíoch an spóirt gona shochair shocheacnamaíocha.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an téacs a ghabhann leis seo a scrúdú, an comhaontú a socraíodh ar leibhéal na meithle a dhearbhú, agus é a chur faoi bhráid na Comhairle (Foirmíocht na Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt (EYCS) ar 26-27 Samhain 2018) lena ghlacadh.

[3] 12265/18 agus 12769/18

# Gné eacnamaíoch an spóirt gona shochair shocheacnamaíocha - Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle -

Ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát mar seo a leanas:

I. AG MEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Cuireadh i dtreis i bPleananna Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (2011-2014[4], 2014-2017[5] agus 2017-2020[6]), a ghlac an Chomhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an tábhacht a bhaineann le gné eacnamaíoch an spóirt, agus tugadh aghaidh go háirithe iontu ar mhaoiniú inbhuanaithe an spóirt, ar oidhreacht na mórócáidí spóirt, ar shochair eacnamaíocha an spóirt, agus ar an nuálaíocht.

2. Sna Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ar an 27 Samhain 2012, maidir le ceapadh bheartas spóirt ar bhonn fianaise a neartú[7], aithníodh an rannchuidiú nach beag a thugann an spórt, mar shiocair fáis agus fostaíochta, do gheilleagar na hEorpa agus a mhéid a chuireann sé le gnóthachan na gcuspóirí atá sa straitéis *Europe 2020*, agus cuireadh i bhfáth an tábhacht atá le sonraí inchomparáide spórt-ábhartha agus

3. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról a bhíonn ag gníomhaíochtaí deonacha spóirt i gcothú na dea-shaoránachta[8], tugtar chun suntais an luach intomhaiste suntasach atá ag earnáil an spóirt, maille le gníomhaíochtaí deonacha spóirt, sna geilleagair náisiúnta, agus go bhfuil d'acmhainn acu spreacadh a chur san fhás eacnamaíoch agus sna rátaí fostaíochta ar fud an Aontais.

[4] IO C 162, 1.6.2011, lgh. 1-5.
[5] IO C 183, 14.6.2014, lgh. 12-17.
[6] IO C 189, 5.6.2017, lgh. 5-14.
[7] IO C 393, 19.12.2012, lgh. 20-21.
[8] IO C 372, 20.12.2011, lgh. 24-26.

4. Sna Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle ar an 27 Samhain 2012, maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte (HEPA)[9] a chur chun cinn, cuirtear i dtreis gur mór an t-údar imní ag an Aontas Eorpach gona Bhallstáit – ó thaobh na sláinte, na sochaí, agus an gheilleagair – na rátaí arda atá ann faoi láthair i dtaca le héighníomhaíocht fhisiciúil.

5. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a chuireann an spórt le geilleagar AE agus go háirithe le haghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc daoine óga agus le cuimsitheacht shóisialta[10], cuirtear i dtreis tábhacht na hearnála spóirt don gheilleagar agus chun gur féidir leis an aos óg scileanna úsáideacha a fhoghlaim as a n-íocfar iad nó a bheidh acu i ngníomhaíochtaí deonacha.

6. Sna Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an Spórt mar spreagadh don nuálaíocht agus don fhás[11], scrúdaíodh poitéinseal an spóirt i dtéarmaí fáis agus fostaíochta agus mar shiocair nuálaíochta.

7. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn[12], moltar go spreagfaí an ghníomhaíocht fhisiciúil ar scoil, lena n-áirítear scileanna luaile sa luathóige, i bhfianaise an athraithe atá ag teacht ar nósmhaireachtaí laethúla leanaí agus iad ina suí níos mó anois seachas a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí fisiciúla.

8. Sna Conclúidí ón gComhairle chun cuidiú le deireadh a chur leis an méadú atá ag teacht ar rómheáchan agus murtall i measc leanaí[13], dearbhaítear gurb ionann an tsláinte agus luach, gurb ionann í agus deis, gurb ionann í agus infheistíocht i dtaca le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta gach tíre, agus gur maith an táscaire go mbeidh an murtall ag gabháil de dhuine agus iad fásta an murtall a bheith orthu ina ngasúir dóibh, agus gur fios go maith na hiarmhairtí a bhaineann leis sin ó thaobh sláinte agus geilleagair de.

[9] IO C 393, 19.12.2012, lgh. 22ff.
[10] IO C 32, 4.2.2014, lgh. 2-5.
[11] IO C 436, 5.12.2014, lgh. 2-5.
[12] IO C 417, 15.12.2015, lgh. 46ff.
[13] IO C 205, 29.6.2017, lgh. 46-52.

II. DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

9. Aithnítear an spórt mar shiocair eacnamaíoch fáis i dtaca leis an tionchar a imríonn sé ar bhreisluach, ar an olltáirgeacht náisiúnta, agus ar chumhacht ceannaigh.[14]

10. Earra trasearnála é an spórt nach taobh le hioncaim na hearnála féin atá. Is nasc sóisialta é an spórt, arb ionann é go háirithe agus geall i sláinte na ndaoine, san fhorbairt réigiúnach, sa turasóireacht, sa chomhtháthú, agus san oideachas.

11. Ó tugadh aghaidh, den chéad uair in 2006, ar ghné eacnamaíoch an spóirt, tá iarrachtaí ar bun ó cheann ceann an Aontais le tionchar eacnamaíoch an spóirt a thomhais.[15]

12. Go nuige seo, tá naoi gcinn ar fad de na Ballstáit[16] a bhfuil Cuntais Satailíte Spóirt (SSAnna) náisiúnta lánfhorbartha acu, agus cúig cinn eile de thíortha[17] a choinníonn tacar sonraí spórt-ábhartha lenar féidir ardleibhéal cruinnis a bhaint amach i dtaca le torthaí.

13. De réir staidéar a foilsíodh le déanaí[18], 2.12% de OTI an Aontais is luach do chúrsaí spóirt, agus cuireann an fhostaíocht a ghineann cúrsaí spóirt poist ar fáil do 5.67 m duine (2.72% díobh siúd atá fostaithe san Aontas). Léirítear freisin sna torthaí go raibh an-teacht aniar in earnáil an spóirt nuair nár shlán don gheilleagar agus gur ghin sí fás agus fostaíocht.[19]

14. Cé go bhfuil léargas maith le fáil ar ghné eacnamaíoch an spóirt, sna cuntais náisiúnta, trí bhíthin SSAnna agus córais ríofa eile, ní hamhlaidh atá i dtaca le rannchuidiú an spóirt leis an ngeilleagar; sa chás sin, gannmheastar fós an rannchuidiú mar go mbíonn éifeachtaí iomadúla eile i gceist – éifeachtaí socheacnamaíocha mar a thugtar orthu (e.g. éifeachtaí sláinte agus eacnamaíocha, tiomantas lucht deonoibre, rannchuidiú na nuálaíochta leis an bhfás, agus rannchuidiú an spóirt leis an bhforbairt réigiúnach) – éifeachtaí nach luaitear fós ach a mbíonn tionchar acu ar OTI agus ar chúrsaí fostaíochta.

---

[14] *Study on the economic impact of sport through Sport Satellite Accounts*, [Staidéar ar thionchar eacnamaíoch an spóirt trí bhíthin Cuntais Satailíte Spóirt] 2018..

[15] An Sainghrúpa um Staidreamh Spóirt (2011-2014), Sainmhíniú Vilnius ar Spórt

[16] An Ostair, an Bheilg, an Chipir, an Ghearmáin, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, agus an Ríocht Aontaithe.

[17] An Bhulgáir, an Fhrainc, Lucsamburg, an tSlóvaic, agus an Spáinn.

[18] *Study on the economic impact of sport through Sport Satellite Accounts*, [Staidéar ar thionchar eacnamaíoch an spóirt trí bhíthin Cuntais Satailíte Spóirt] 2018..

[19] A dhearbhú sin le fáil anseo freisin: http://www.oecd.org/mcm/C-MIN(2013)1-ENG.pdf

15. Ní thugtar aon léargas sna cuntais náisiúnta[20] ar an gcostas eacnamaíoch – in ainneoin a thábhachta[21] – a leanann de ghalair a bhaineann leis an éighníomhaíocht[22] ionas nach féidir sin a chainníochtú gan modhanna iomchuí.

16. Baineann buntáiste oideachasúil nach beag leis an deonobair agus is tábhachtach an rannchuidiú í le gné eacnamaíoch an spóirt[23], rud nach léirítear sna cuntais náisiúnta.

17. De cheal sonraí, ní dhearnadh aon mharana cheart go dtí seo i dtéarmaí OTI agus fostaíochta[24] ar an ngné sin den nuálaíocht a bhaineann le cúrsaí spóirt. Is den tábhacht, dá bhrí sin, teacht ar thorthaí iontaofa eimpíreacha i dtaca leis an tionchar a bhíonn ag an ngné sin den nuálaíocht a bhaineann le cúrsaí spóirt ar dhinimicí onnmhairiúcháin agus ar an bhfás eacnamaíoch.

18. I dtaca le rannchuidiú an spóirt leis an bhforbairt réigiúnach, ní léir ná ní thuigtear i gceart fós go bhféadfaí an-leas go deo a bhaint as an spórt agus as an ngníomhaíocht fhisiciúil chun an comhtháthú (cuspóir de chuid an Aontais) a bhaint amach, go háirithe i dtaca le rannchuidiú le cuspóirí *Europe 2020*. Léiríonn fianaise a tiomsaíodh le déanaí[25] mar a rannchuidíonn an spórt le geilleagair áitiúla, le cúrsaí fostaíochta, agus leis an gcomhtháthú sóisialta, agus tugtar chun suntais ann go bhfuil réigiúin go leor ar fud na hEorpa tar éis an spórt a chuimsiú ina gcuid straitéisí um speisialtóireacht chliste.

III. AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

19. I dtaca le rannchuidiú an spóirt leis an ngeilleagar ar an iomlán a chur i láthair, ní mór gnéithe eile den scéal sin *inter alia* a thabhairt san áireamh: cainníochtú na sochar sláinte agus eacnamaíoch a bhíonn ag an ngníomhaíocht fhisiciúil, sochar breise na deonoibre a

[20] *Accounts and techniques for measuring an economic activity of a nation*[Cuntais agus teicnící chun gníomhaíocht eacnamaíoch náisiúin a thomhais ]

[21] Arna dhearbhú ag an Staidéar de chuid ISCA/CEBR *The Economic Cost of Physical Inactivity in Europe* [Costas Eacnamaíoch na hÉighníomhaíochta Fisiciúla san Eoraip]: http://inactivity-time-bom.nowwemove.com/ agus sa Staidéar de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte *Physical activity and health: evidence for action* [An ghníomhaíocht fhisiciúil agus an tsláinte: fianaise nach mór gníomhú]: http://www.euro.who.int/__data/assets/pdf_file/0011/87545/E89490.pdf?ua=1

[22] Costais dhíreacha ar an gcóras sláinte, caillteanais táirgiúlachta, an bás, míchumais a bhaineann leis an obair agus ar galair a bhaineann leis an éighníomhaíocht is cúis leo, amhail diaibéiteas (cineál II), an dúlagar, fadhbanna droma nó galar croí.

[23] *Study on Volunteering in the European Union,* [Staidéar ar an tSaorálaíocht san Aontas Eorpach ,2010]

[24] Íoc as earra nó seirbhís a dhéanamh as idé nó aireagán a chruthaíonn luach nó a n-íocfaidh custaiméirí as.

[25] *Study on the contribution of sport to regional development through the structural funds* [Staidéar ar rannchuidiú an spóirt leis an bhforbairt réigiúnach trí bhíthin na gcistí struchtúrtha], 2016.

aithint, rannchuidiú na nuálaíochta le feabhsú na hacmhainneachta fáis, agus anailís ar an tionchar a bhíonn ag tograí spórt-ábhartha ar an bhforbairt réigiúnach.

20. Ní féidir éifeachtaí socheacnamaíocha an spóirt a thomhais gan modhanna agus modheolaíochtaí úra[26]. Ní féidir torthaí fianaise-bhunaithe, ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach, a sholáthar gan sonraí agus torthaí inchomparáide a bheith ar fáil. Is ceart pé sonraí a bhaileofar faoi na cúrsaí sin a chomhiomlánú de réir inscne.

21. Rannchuidíonn an spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla agus sinn i ngleic le dúshláin áitiúla agus réigiúnacha, go mór mór trí réitigh bog-shoghluaisteachta, trí dhlús a chur faoi athnuachan limistéir uirbeacha a bhuí le hinfreastruchtúir cliste spóirt, nó tríd an gcomhtháthú sóisialta a fheabhsú i measc pobail éagsúla.

IV. IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

22. Marana a dhéanamh maidir le SSAnna nó córais inchomparáide ríofa eile a fhorbairt chun tionchar eacnamaíoch an spóirt a thomhais.

23. Tacú leis an smaoineamh seo a leanas, agus é a scaipeadh: síneadh a chur leis an léargas a thugtar ar ghné eacnamaíoch an spóirt trí bhíthin na ngnéithe socheacnamaíocha, go mór mór an deonobair, gnéithe sláinte agus eacnamaíocha agus an nuálaíocht, ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar trasearnála.

24. An luach a bhaineann leis an deonobair don gheilleagar náisiúnta a chur san áireamh agus an topaic seo a áireamh sna staitisticí.

25. An fheasacht a dhúiseacht maidir leis an bpoitéinseal atá ag an spórt rannchuidiú le fás agus fostaíocht ach sonraí iontaofa a bheith ar fáil.

---

[26] Bunaítear freisin i bPlean Gníomhaíochta Kazan, arna ghlacadh ag UNESCO ar an 15 Iúil 2017, Gníomh 2 ina ndeirtear nach mór táscairí comhchoiteanna a fhorbairt chun rannchuidiú an chorpoideachais, na gníomhaíochta fisiciúla, agus an spóirt leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe sin dá dtugtar tús áite a thomhais.

26. Marana a dhéanamh maidir lena thuilleadh comhoibre i measc na mBallstát agus leis an gCoimisiún chun sainmhínithe, modhanna, agus caighdeáin inchomparáide a fhorbairt i dtaca le gnéithe socheacnamaíocha earnáil an spóirt.

27. Malartú straitéisí um speisialtóireacht chliste a chur chun cinn, ar an leibhéal náisiúnta, amhail spórtchnuasaigh, i gcás inarb iomchuí.

28. Marana a dhéanamh maidir leis an spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla a áireamh mar thosaíocht trasearnála i réimsí eile beartais, amhail sláinte, oideachas, iompar, pleanáil uirbeach, beartais shóisialta agus turasóireachta, ar réimsí iad ina bhfuil neart fianaise ar rannchuidiú an spóirt.

V. IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN NA NITHE SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

29. Bearta a chur chun cinn, agus tacú leo – amhail sonraí ábhartha agus saineolas modhshonrach a mhalartú, fianaise a bhailiú agus staidreamh spóirt a chomhiomlánú, mar aon le tacaíocht theicniúil – darb aidhm iarrachtaí na mBallstát le gné eacnamaíoch an spóirt a chainníochtú a fheabhsú agus a shimpliú.

30. Tús a chur le próiseas meastóireachta maidir le húsáid agus infheidhmeacht na gcóras ríofa a úsáidtear chun gnéithe socheacnamaíocha an spóirt a chainníochtú, lena n-áirítear mapáil a dhéanamh ar an taighde a rinneadh go nuige seo agus samplaí den dea-chleachtas a bhailiú.

31. Tacaíocht a thabhairt, faoi chuimsiú meitheal saineolaithe agus le tacaíocht ó Eurostat, chun uirlisí a fhorbairt lenar féidir na sonraí reatha faoi ghné eacnamaíoch an spóirt, lena n-áirítear na gnéithe socheacnamaíocha, a chomhlánú nó a nuashonrú.

32. An fheasacht a mhúscailt faoi phoitéinseal an spóirt mar fhoinse nuálaíochta.

33. Tacú leis an malartú, agus an comhar a threisiú a thuilleadh, laistigh den Choimisiún agus le hinstitiúidí eile an Aontais, maidir le ról an spóirt i ngeilleagair agus i sochaithe na linne, go háirithe ó tharla an rannchuidiú a thugann sé don fhorbairt réigiúnach.

VI IARRANN SÍ AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT

34. Tacú le bailiú sonraí faoi rannchuidiú na deonoibre i gcúrsaí spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla.

35. Marana a dhéanamh maidir le hanailís inchomparáide eacnamaíoch a chothú maidir leis an tionchar eacnamaíoch a bhíonn ag an deonobair, ag an ngníomhaíoch fhisiciúil, agus ag an éighníomhaíocht fhisiciúil.

36. Malartú an dea-chleachtais a bhaineann le modhanna chun éifeachtaí socheacnamaíocha a thomhais a chothú.

1. Sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún maidir leis an Spórt[27],cuireadh béim ar leith ar ghné eacnamaíoch an spóirt, agus béim ar riachtanaí atá faisnéis inchomparáide uile-Aontais má táthar le beartais fhianaise-bhunaithe a fhorbairt.

2. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Spórt[28], aithnítear a thábhachtaí atá na SSAnna chun beartas fónta a cheapadh, agus dírítear aird inti ar luach an spóirt mar uirlis ar son na forbartha réigiúnaí.

---

[27] 11811/07 - COM(2007)391 final, 12.07.2007.
[28] 5597/11 - COM(2011)12 final, 21.01.2011.